

Freastal ar an
Phobal tri
Riarachán
Ceartis

Northern Ireland Court Service
Cód cúirtéise ar úsáid na Gaeilge i
ngnó oifigiúil

Deireadh Fómhair 2005



INVESTOR IN PEOPLE

www.court.ni.gov.uk

Cód cúirtéise ar úsáid na Gaeilge i ngnó oifigiúil

Is é atá mar aidhm ag an doiciméad seo ná treoir a thabhairt don fhoireann ar úsáid na Gaeilge i ngnó oifigiúil. Cloíonn an treoir seo le Cairt Eorpaigh do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh (“an Chairt”) mar atá eisiithe ag Comhairle na hEorpa.

Tá sé mar aidhm ag an Cód Cúirtéise seo cabhrú leis an bhfoireann a ndualgais a chomhlíonadh de réir na Cairte maidir le h-úsáid na Gaeilge i ngnó oifigiúil.

Gabhann an doiciméad ionad na dtreorach a eisíodh ar 8 Deireadh Fómhair 2004 i bhFógra Seirbhís Cúirte Thuaisceart Éireann 42/2004.

I láthair na huairé, aistroidh Seirbhís Cúirte Thuaisceart Éireann doiciméid go teangacha eile ach í a iarraidh. Má tá an tseirbhís seo de dhíth ort, téigh i dteagmháil led thoil leis an Ionad Eolais, Teach Windsor, 9–15 Sráid Bedford, Béal Feirste BT2 7LT.

Deireadh Fómhair 2005

Réamhrá

1. De réir na Cairte, baineann éagsúlacht teanga leis an bpobal i gcoitinne. Tá meas agus cúirtéis ag dul do chách, mar aon lena dteangacha. Déanfar gach iarracht an meas seo a léiriú fiú mura féidir déileáil leis an duine ina rogha theanga/teanga.
2. Ba cheart go mbeadh oifigigh eolach ar fhoráil na Cairte maidir le h-úsáid na Gaeilge agus ar na beartanna ar socraíomar orthu chun iad a chuir i gcrích.

Go Ginearálta

3. Ba cheart don fhoireann a bheith cúirtéiseach le custaiméirí ar mhian leo an Ghaeilge a úsáid.

Ainmneacha Pearsanta

4. *Tá ceart de réir dlí ag duine aon ainm ar mian leis/léi a thabhairt air/uirthi féin – i mBéarla nó in aon teanga eile. Más é seo an t-ainm a thugtar air/uirthi de ghnáth, tá sé bailí faoi choinne aitheantais dlí. Murab é seo an t-ainm a thugtar air/uirthi de ghnáth, caithfidh meas a bheith ag an bhfoireann ar thoil an duine ar mhaith leis/léi go n-úsáidfí an leagan Gaeilge dá ainm/h-ainm, agus gan ach an leagan sin amháin a úsáid i ngnó oifigiúil. Caithfear aird a thabhairt easordú agus obair bhreise a sheachaint má úsáideann duine an leagan Gaeilge agus Béarla dá ainm/h-ainm. Is mór an tairbhe é taifead den dá leagan a chur i gcomhad.*
5. Má chreideann an t-oifigeach go raibh an duine ar leith ag úsáid an fhoirm Béarla dá ainm freisin, is féidir leo a iarraidh, *“An í seo an fhoirm de d’ainm a úsáideann tú i gcónaí? Caithfidh mé cinntiú go bhfuil do shonraí ar fad le chéile”.*

6. Má thugann duine a ainm/h-ainm i nGaeilge agus má bhíonn deacracht ag an oifigeach atá ag déileáil leis/léi an t-ainm a scríobh nó é a fhuaimniú, iarr ar an duine cabhair a thabhairt é a litriú.
7. Má tá aiceann san ainm, níor cheart go gcruthódh seo fadhb ar bith. Is féidir le beagnach gach pacáiste bogearraí déileáil leis seo.
8. Go bunúsach, tá cead ag daoine an fhoirm is fearr leo a úsáid dá n-ainmneacha. Níor chóir an ceart seo a cheistiú riamh. Déanfar gach iarracht ainm duine a scríobh agus/nó a fhuaimniú i gceart. Ná bí cotúil cabhair an duine sin a lorg.

Agallaimh agus Cruinnithe ar an láthair

9. Má thosaíonn duine ag labhairt i nGaeilge le ball den fhoireann nach labhraíonn Gaeilge, ba cheart é seo a mhíniú dó agus rogha a thabhairt dó:
 - leanacht leis an agallamh/cruinniú i mBéarla;
 - tuairimí scríofa a thabhairt i nGaeilge
 - coinne a dhéanamh le haghaidh cruinnithe nuair a bheidh teangaire i láthair.

Má táthar in amhras, cinntigh gurb í an teanga atá i gceist ná an Ghaeilge.

10. Má thugann duine rabhadh roimh ré gur mhaith leis/léi labhairt i nGaeilge, de ghnáth ba cheart go mbeadh teangaire ar fáil. Is féidir é seo a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le hIonad Eolais Seirbhís Cúirte Thuaisceart Éireann. (Teil: 028 90 41 328594 nó informationcentre@courtsni.gov.uk). Seans go bhféadfaí eisceacht a dhéanamh den riail ghinearálta teangaire a chur ar fáil i gcás agallaimh earcaíochta, nuair is gá cumas cumarsáide i mBéarla a thástáil mar gurb é an Béarla an meán oibre.

11. Mura dtugtar rabhadh, ba cheart rogha a thabhairt don duine:-

- a dhearcadh a thabhairt i mBéarla
- tuairimí scríofa a thabhairt i nGaeilge
- coinne a dhéanamh le haghaidh cruinnithe nuair a bheas teangaire i láthair.

12. Má eagraítear cruinniú, cinntigh roimh ré go mbeidh an teangaire ar fáil. Ná geall seirbhís riamh mura féidir leat í a chomhlíonadh.

Glaigh ghutháin

13. Má thosaíonn scairteoir an comhrá i nGaeilge is féidir leis an oifigeach freagra a thabhairt i nGaeilge (má labhraíonn sé í) nó i mBéarla. Mura labhraíonn an t-oifigeach Gaeilge ba cheart é seo a mhíniú agus rogha a thabhairt don scairteoir. D'fhéadfaí déileáil leis an fhadhb mar seo a leanas:

“Ta brón orm nach féidir liom tú a fhreagairt i nGaeilge. Is féidir liom áfach rogha a thabhairt duit ar cad is féidir a dhéanamh le do ghlaoch. Is féidir leat:

- *leanacht leis an nglaoch i mBéarla*
- *scríobh chugainn i nGaeilge*
- *teachtaireacht glórphoist i nGaeilge a fhágáil ar an ngléas freagartha.”*

14. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an **nguthán glórphoist** ach glaoch ar - 028 90 41 2900. Níl mar riachtanas ag an gCairt ach go nglacfaí le h-achainíocha agus iarratais béil i nGaeilge. Níl aon dualgas freagra a thabhairt i nGaeilge.

Gnáthaimh oibre ar úsáid glórphoist i nGaeilge

15. Má dhéanann scairteoirí teagmháil leis an lasc-chlár lárnach nó le roinn ar leith agus a léiríonn gur mhaith leo a ghnó a dhéanamh i nGaeilge, déanfar an glaoch nó an scairteoir a threorú ag an nglórphost Gaeilge.
16. Déanann oifigigh ón Ionad Eolais Seirbhís Cúirte TÉ faireachán ar an nglórphost go laethúil. Aistrefar teachtaireachtaí láithreach bonn nó cuirfear ar aghaidh ag teangaire iad lena n-aistriú. Cuirfear teachtairí aistrithe ar aghaidh ag an roinn / oifigeach cuí le déileáil leo.

Comhfhreagras (ríomhphost san áireamh)

17. De réir na Cairte, tá sé de dhualgas ar na ranna glacadh le h-iarratais scríofa i nGaeilge. Más amhlaidh, agus am an aistrithe san áireamh, nach féidir freagra substainteach a thabhairt faoin sprioc-am cuí, eiseofar admháil sa ghnáth shlí, míneofar go bhfuil an litir á aistriú, agus go mbeidh freagra substainteach ar fáil ina dhiaidh sin. Mar ghníomh deimhneach, d'fhéadfaí an admháil a eisiúint ag baint úsáide as an ghnáth-admháil i nGaeilge. (Tá litir admhála i nGaeilge ar fáil ón Ionad Eolais).
18. De réir na Cairte níl sé de dhualgas ar na ranna admháil a eisiúint nó freagra a thabhairt i nGaeilge ar comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, ach spreagtar oifigigh chun é seo a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSeirbhís Aistriúcháin Lárnaigh ag an Ionad Eolais Seirbhís Cúirte TÉ nuair is gá. Ba cheart an t-aistriúchán Béarla mar aon leis an mbunlitir agus an freagra a chur i gcomhad. Chun nach mbeadh aon amhras ann, ba chóir d'aon oifigeach nach bhfuil Gaeilge aige/aici féin agus a eisíonn freagra i nGaeilge, an t-aistriúchán Béarla den fhreagra a shíniú agus cóip gan síniú den leagan Gaeilge a cheangail leis.

19. Nuair a dhéanann duine teagmháil scríofa leis an Roinn i nGaeilge, ba choir an doiciméad a chur ar aghaidh gan mhoill ag an Ionad Eolais, Teach Windsor, a eagróidh an t-aistriúchán agus a seolfaidh ar ais chugat é. Má bhíonn práinn nó cuma phráinneach ag baint leis an doiciméad, nó sprioc-am ar leith le freagra a thabhairt / gníomh a dhéanamh, ba cheart é seo a chur in iúl don Ionad Eolais.

Seoltaí

20. De réir an tOrdú um Rialtais Áitiúil 1995 (Soláthair Ilchineálaigh) (TÉ), is féidir le Comhairle Dúiche leagan de sráid-ainm i dteanga eile a chuir taobh leis an ainm Béarla. Chun an t-eolas is deireanaí a fháil ar sráid-ainmneacha nach bhfuil i mBéarla agus atá ceadaithe ag na Comhairlí Áitiúla, féach http://www.osni.gov.uk/paper/dual_lang.html nó téigh i dteagmháil leis an tSuirbhéireacht Ordanáis (info@pointer-ni.gov.uk). Nuair atá sráid-ainm dleathach i nGaeilge úsáidte ag duine, ba cheart don fhoireann an fhoirm Gaeilge a úsáid agus freagra á thabhairt ar chomhfhreagras nó iarratais á phróiseáil acu. Ba cheart nóta den leagan Gaeilge agus Béarla a chur ar an taifead oifigiúil.

21. Nuair a bhíonn an tríú dream i gceist, sé sin nuair is gá doiciméad a mhionscrúdú (m.sh. ceadúnas tiomána) nó a fhoilsiú (m.sh. iarratas pleanála), ba cheart an fhoirm den seoladh sráide a léiriú i mBéarla mar aon leis an bhfoirm i nGaeilge. Níl aon chosc ar leaganacha Gaeilge den chuid eile den seoladh a úsáid, mar shampla an baile fearainn, an baile, an contae agus an tír.

22. Nuair a chuirtear tús le teagmháil, bheadh sé de réir spioraid na Cairte an dá leagan a úsáid ar dtús, agus ansin leanacht le pé teanga ar úsáideadh sa fhreagra. Spreagtar na Ranna agus comhairlí gaolmhara an dá leagan a úsáid ina gcuid doiciméid and foilseacháin.

Imeachtaí cúirte, oifigí and foirgnimh cúirte

23. Níl Airteagail 9 (1) agus (2) (Údaráis breithiúnach) den Chairt, a dhéanann foráil ar úsáid teanga mionlaigh in imeachtaí cúirte, curtha i bhfeidhm i nGaeilge i láthair na h-uaire. Leanfar mar sin le h-imeachtaí cúirte i mBéarla.
24. Ba cheart don fhoireann in oifigí / foirgnimh cúirte freagra cúirtéiseach a thabhairt ar aon iarratas a fhaightear i ndáil le Gaeilge a úsáid, agus a mhíniú, mar is cuí:
- Go gcaithfear gach imeacht cúirte a stiúradh i mBéarla (seachas nuair nach labhraíonn nó nach dtuigeann an duine Béarla);
 - Nach gcuirtear seirbhís teanga Gaeilge ar fáil in oifigí / foirgnimh cúirte.

Úsáid na Gaeilge i ngnó eile

25. Baineann na riachtanais atá sonraithe i leith úsáid na Gaeilge in Airteagal 10 (Údaráis Riaracháin agus Seirbhísí Poiblí) le gach Brainse Príomhoifige, leis an Oifig Phionóis Shocraithe, Oifig an Chiste Cúirte agus le Oifig um Bhreithiúnais Fhorfheidhmithe (seachas maidir le h-iarratais a chuir isteach, nó le h-éisteachtaí a fháil roimh an Máistir).

Seirbhísí cuntair : OBS; OPS; OCC; agus Oifig Fháiltithe na Príomhoifige / Ionad Eolais

26. Má thosaíonn duine ag labhairt i nGaeilge ag seirbhís cuntair, is féidir leat freagra a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla.
27. Mura féidir leat Gaeilge a labhairt, ba cheart duit é seo a mhíniú don duine agus rogha a thabhairt dó:

- An gnó a phlé i mBéarla

- Sonraí na ceiste a sheoladh chugainn scríofa i nGaeilge

Cruinnithe Poiblí

28. Má thugann daoine rabhadh roimh ré go bhfuil sé ar intinn acu labhairt i nGaeilge, caithfear teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Eolais, Teach Windsor chomh luath agus is féidir. Cinnteoidh siad go mbeidh teangaire i láthair.
29. Mura dtugtar rabhadh agus mura mbionn sé ar a chumas ag na h-oifigigh atá i láthair Gaeilge a labhairt, ba cheart rogha a thabhairt don duine a dhearcadh a thabhairt i mBéarla, tuairimí scríofa a thabhairt i nGaeilge nó coinne a dhéanamh le h-aghaidh cruinniú príobháideach nuair is féidir le teangaire a bheith i láthair.

Fiosruithe agus Monatóireacht

30. Ba cheart fiosruithe faoin gCód Cuirteís seo mar aon le sonraí ar iarratais in ndáil le gnó (béil nó scríofa) a dhéanamh trí Ghaeilge a sheoladh ag an Oifig Eolais, Teach Windsor, 9 – 15 Sráid Bedford, Béal Feirste BT2 7LT Teil : 028 90 412262, 028 9041 2387